C/2026/5425

19.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

Cás M.12585 — BC PARTNERS / ACS DOBFAR / INFORLIFE

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5425)

1. An 9 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BC Partners Fund XII (an Ríocht Aontaithe), faoi rialú BC Partners LLP ('BC Partners', an Ríocht Aontaithe),

— ACS Dobfar S.p.A. ('ACSD', an Iodáil).

Gheobhaidh BC Partners Fund XII agus ACSD rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar InfoRLife SA ('InfoRLife', an Eilvéis), ar cuideachta í atá faoi rialú aonair ACSD faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste infheistíochta é BC Partners Fund XII arna chomhairliú agus arna rialú ag BC Partners, bainisteoir infheistíochta malartach atá dírithe ar chothromas príobháideach, creidmheas agus infheistíochtaí réadmhaoine,

— Is cuideachta chógaisíochta é ACSD atá gníomhach i monarú comhábhar gníomhach cógaisíochta chomh maith le críochtháirgí cógaisíochta i ndáileoga i bhfoirm sholadach agus in-insteallta araon.

3. Is cuideachta chógaisíochta Eilvéiseach é InfoRLife atá faoi rialú aonair ACSD faoi láthair agus a dhéanann speisialtóireacht i monarú bailchríche steiriúla drugaí paireintreacha cineálacha atá réidh le húsáid in ospidéil.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12585 — BC PARTNERS / ACS DOBFAR / INFORLIFE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË